

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/713 ÓN gCOIMISIÚN**an 29 Aibreán 2021****lena gcuirtear ar atráth an dáta éaga i leith formheas fluairíde sulfairile le húsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineálacha táirge 8 agus 18****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuainchoiste um Tháirgí Bithicéideacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Áiríodh an tsubstaint ghníomhach fluairíd sulfairile in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ lena húsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineálacha táirge 8 agus 18, agus de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, meastar dá bhrí sin go bhfuil sí formheasta faoin Rialachán sin faoi réir na sonraíochtaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.
- (2) An 28 Meitheamh 2017, cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun formheas fluairíde sulfairile a athnuachan lena húsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineálacha táirge 8 agus 18.
- (3) An 14 Feabhra 2018, chuir údarás inniúil meastóireachta na Sualainne in iúl don Choimisiún gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go raibh gá le meastóireacht iomlán ar an iarratas. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.
- (4) Ós rud é go bhfuil meastóireacht iomlán á déanamh ag an údarás inniúil ar an iarratas, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tá an Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (“an Gníomhaireacht”) le tuairim a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le formheas na substainte gníomhaí a athnuachan laistigh de 270 lá ón uair a gheofar an moladh ón údarás inniúil meastóireachta.
- (5) De bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1479 ⁽³⁾, cuireadh ar atráth go dtí an 30 Meitheamh 2021 an dáta éaga i leith formheas fluairíde sulfairile le húsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineál táirge 8, rud a chomhfhreagraíonn do dháta éaga i leith formheas fluairíde sulfairile le húsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineál táirge 18 faoi Threoir 2009/84/CE ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, ionas go mbeidh an t-am ann chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Níl an scrúdú tugtha chun críche fós ag an údarás inniúil meastóireachta, ná níl a thuarascáil mheasúnaithe ná conclúidí a mheastóireachta curtha faoi bhráid na Gníomhaireachta fós.
- (6) D'iarr an t-údarás inniúil meastóireachta ar an iarratasóir an 18 Feabhra 2020 faisnéis bhreise a chur isteach chun an mheastóireacht a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus leag sé síos an 31 Márta 2022 mar sprioc leis an bhfaisnéis seo a chur isteach.

⁽¹⁾ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar an margadh (IO L 23, 24.4.1998, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1479 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2018 lena gcuirtear ar atráth an dáta éaga i leith formheas fluairíde sulfairile lena úsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineál táirge 8 (IO L 249, 4.10.2018, lch. 16).

⁽⁴⁾ Treoir 2009/84/CE ón gCoimisiún an 28 Iúil 2009 lena leasaítear Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun fluairíd sulfairile a áireamh ina substaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis (IO L 197, 29.7.2009, lgh. 67-69)

- (7) Dá bhrí sin, is dócha go n-éagfaidh formheas fluairíde sulfairile le húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 8 agus 18 sula ndéanfar cinneadh maidir lena hathnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí an dáta éaga i leith formheas fluairíde sulfairile le húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 8 agus 18 a chur ar atráth go ceann tréimhse a bheidh fada go leor chun go bhféadfar an scrúdú ar an iarratas a thabhairt chun críche.
- (8) I bhfianaise an ama is gá le go gcuirfeadh an t-údarás inniúil meastóireachta an mheastóireacht i gcrích agus le go n-ullmhódh agus go gcuirfeadh an Ghníomhaireacht an tuairim isteach, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2023.
- (9) Seachas dáta éaga an fhormheasa, leanfar den fhormheas ar fhluaírd sulfairile de bheith formheasta le húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 8 agus 18 faoi réir na sonraíochtaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an dáta éaga i leith formheas fluairíde sulfairile le húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 8 agus 18 ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN
